GA

GA GA

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 31.3.2010
COIM(2010) 119 leagan deireanach

2010/0074 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh**

{SEC(2010) 370}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, tugtar isteach gné úrnua an daonlathais rannpháirtíochta le hais an daonlathais ionadaíoch ar a bhfuil an tAontas bunaithe. Neartaíonn sé sin saoránacht an Aontais agus tugtar aitheantas don cheart atá ag gach saoránach páirt a ghlacadh i saol daonlathach an Aontais. Cumhdaíonn sé príomhchaighdeáin an chomhphlé shibhialta a mbeidh ar na hinstitiúidí a chomhall agus códaítear ann an cleachtas atá ag an gCoimisiún faoi láthair comhairliúchán poiblí a dhéanamh le sciar forleathan den phobal. Ar an ní is tábhachtaí, áfach, tugtar isteach leis an gConradh nua uirlis thábhachtach i bhfeidhmiú daonlathach an Aontais trína fhoráil go mbeidh ceart tionscnaimh ag gach saoránach, is é sin go bhféadfaidh milliún saoránach iarraidh ar an gCoimisiún tograí reachtacha áirithe a bhrú ar aghaidh.

Is céim mhór chun tosaigh í an fhoráil nua seo i saol daonlathach an Aontais. Tugann sé deis uathúil an tAontas a thabhairt níos gaire don saoránach agus níos mó díospóireachta a chothú ar leibhéal trasteorann faoi shaincheisteanna beartais an AE, trí shaoránaigh éagsúla ó thíortha éagsúla a thabhairt le chéile chun tacaíocht a léiriú i saincheist ar leith.

Is tábhachtach a thabhairt chun suntais freisin, áfach, gur tionscnamh lena ndéanfar clár a shocrú é an tionscnamh ó na saoránaigh. Cé nach ndéanann sé sin aon difear do cheart tionscnaimh an Choimisiúin, cuirfidh sé dualgas, mar sin féin, ar an gCoimisiún, mar choláiste, na hiarrataí a dhéantar tríd na tionscnaimh ó na saoránaigh a bhreithniú go dúthrachtach.

Tá príomhghnéithe an tionscnaimh ó na saoránaigh cumhdaithe sa Chonradh. Ceanglaítear leis an gConradh, go háirithe, go mbeadh milliún síniú ar a laghad ar an tionscnamh ó na saoránaigh agus gur as líon suntasach Ballstát éagsúil do na sínitheoirí sin. Beidh ar an tionscnamh bheith faoi chuimsiú chumhachtaí an Choimisiúin agus ní mór baint a bheith ag ábhar an tionscnaimh le ceisteanna a bhfuil gá dar leis na saoránaigh le gníomh dlí de chuid an Aontais ina leith chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

Mar sin féin, fágann an Conradh gur faoi Pharlaimint na hEorpa agus faoin gComhairle atá sé, agus iad ag gníomhú i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, na nósanna imeachta agus na coinníollacha maidir leis an tslí ina bhfeidhmeoidh an tionscnamh ó na saoránaigh sa chleachtas a leagan amach i Rialachán.

D'fhonn an deis a thugann an fhoráil nua seo a thapú agus d'fhonn an leas is iomláine agus is féidir a bhaint aisti, ní mór do na nósanna imeachta agus na coinníollacha maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh úsáid na forála sin a éascú agus, ag an am céanna, a áirithiú go ndéantar meon fhorálacha an Chonartha a urramú.

Is iad seo a leanas, dá bhrí sin, na treoirphrionsabail don togra seo:

– Ba cheart go n-áiritheofaí leis na coinníollacha go seasfadh na tionscnaimh ó na saoránaigh do leas éigin de chuid an Aontais, agus, ag an am céanna, go n-áiritheofaí go mbeadh an ionstraim éasca le húsáid.

– Ba cheart do na nósanna imeachta a bheith simplí agus éasca le húsáid, agus, ag an am céanna, go gcoscfaí calaois nó mí-úsáid an chórais agus níor cheart dóibh ualaí riaracháin neamhriachtanacha a bhrú ar na Ballstáit.

## 2. TORTHAÍ ÓN gCOMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

I ngeall ar an tábhacht a bhaineann leis an fhoráil nua sin do na saoránaigh, don tsochaí shibhialta agus do gheallsealbhóirí ar fud an AE, agus i ngeall ar cé chomh casta is atá roinnt saincheisteanna a bheidh le plé, sheol an Coimisiún comhairliúchán poiblí le sciar forleathan den phobal nuair a glacadh Páipéar Uaine an 11 Samhain 2009[1]. Fuarthas 300 freagra, le linn an chomairliúcháin sin, ó réimse leathan geallsealbhóirí, lena n-áirítear saoránaigh aonair, eagraíochtaí agus údaráis phoiblí. Eagraíodh éisteacht phoiblí, freisin, do na daoine ar fad a thug freagra ar an bPáipéar Uaine agus bhí an éisteacht sin ar siúl sa Bhruiséil an 22 Feabhra 2010.

### 2.1. Pointí machnaimh ginearálta

Tugadh chun suntais sna freagraí ar an bPáipéar Uaine nach mór do na nósanna imeachta agus na coinníollacha maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh a bheith simplí, éasca le húsáid agus inrochtana ag gach saoránach san AE agus a bheith ag teacht le nádúr an tionscnaimh ó na saoránaigh.

Dearbhaíodh sna freagraí, freisin, go bhfuil gá le roinnt ceanglas d'fhonn a áirithiú go mbeidh an ionstraim inchreidte agus nach mbainfear mí-úsáid aisti agus go n-áiritheodh na ceanglais sin coinníollacha aonfhoirmeacha faoina bhféadfaí tacú le tionscnamh ó na saoránaigh ar fud an AE.

### 2.2. D'fhonn a áirithiú go bhfuil tionscnamh ó na saoránaigh ag teacht le leas de chuid an Aontais

Maidir le híoslíon na mBallstát óna dtiocfadh na saoránaigh atá ag seasamh le tionscnamh ó na saoránaigh, d'aontaigh a lán de na freagróirí go mbeadh aon trian de na Ballstáit ina thairseach iomchuí. Léiríodh tacaíocht mhór freisin, go háirithe i measc eagraíochtaí, le tairseach níos ísle a roghnú, is é sin aon cheathrú de na Ballstáit go príomha.

Dhearbhaigh na freagróirí, freisin, gur cheart d'íoslíon saoránach ar a laghad as gach ceann de na Ballstáit sin an tionscnamh ó na saoránaigh a shíniú. D'aontaigh go leor de na freagróirí go mbeadh 0.2 % den daonra ina thairseach iomchuí. Mheas daoine eile, áfach, gur cheart don tairseach a bheith níos ísle fós, agus thacaigh siad leis an seasamh sin, á rá gur cosc ar mhí-úsáid an sprioc atá leis sin, ach nár cheart go gceapfaí gur bac a bheadh ann ar an tionscnamh a thíolacadh. Ar deireadh, thacaigh roinnt freagróirí le cur chuige iomlán difriúil ó thaobh na tairsí de, agus mhaígh siad nach mbeadh sé cothrom céatadán amháin a réamhshocrú do na Ballstáit uile, ós rud é go bhfuil sé i bhfad níos éasca, mar shampla, ráitis tacaíochta a bhailiú ó mhíle saoránach i Lucsamburg (arb ionann iad agus 0.2 % den daonra) ná ó 160 000 saoránach sa Ghearmáin (an céatadán céanna), agus go mbeadh sé níos éasca, ar an ábhar sin, Ballstáit bheaga a chomhaireamh ná Ballstáit mhóra.

[1] Páipéar Uaine maidir le Tionscnamh ó na Saoránaigh Eorpacha - COIM(2009) 622.

### 2.3. Ceanglais maidir le ráitis tacaíochta a bhailiú agus a fhíorú

Thacaigh na freagróirí go mór leis an smaoineamh foireann choiteann de cheanglais nós imeachta a bheith ann chun ráitis tacaíochta a bhailiú agus a fhíorú, d'fhonn próiseas aonfhoirmeach a áirithiú ar fud an AE agus ionas nach mbeidh ar na heagraithe cloí le rialacha difriúla i ngach Ballstát.

Thairis sin, ní theastaíonn aon srianta sonracha ó fhormhór na bhfreagróirí, srianta a chuirfí ar an tslí ina mbailítear na ráitis tacaíochta, agus ba mhian leo go bhféadfadh saoránaigh an Aontais a síniú a chur le tionscnamh in aon áit – ar an tsráid mar shampla – beag beann ar an áit ina bhfuil cónaí orthu ná ar an áit arb as dóibh.

D'iarr na freagróirí, d'aon ghuth beagnach, go mbeadh cead ag na saoránaigh tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh ar líne freisin.

Dearbhaíodh le linn an chomhairliúcháin, freisin, gurb iomchuí teorainn ama a shocrú maidir le ráitis tacaíochta do thionscnamh a bhailiú. D'aontaigh formhór na bhfreagróirí go mbeadh bliain amháin ina teorainn ama fheiliúnach, cé go raibh go leor freagróirí ann, freisin, a bhí i bhfabhar tréimhse níos faide (18 mí) nó tréimhse níos giorra (6 mhí).

Ina theannta sin, bhí na freagróirí i bhfabhar córais éigeantaigh clárúcháin, i gcoitinne, trína gclárófaí na tionscnaimh atá beartaithe ar shuíomh gréasáin ar leith a bheadh curtha ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach sula seolfaí an próiseas bailiúcháin. Creideann siad go gcuideodh córas clárúcháin den sórt sin le hobair leantach a dhéanfaí i ndiaidh an tionscnaimh agus go gcuirfeadh sé uirlis chumarsáide agus trédhearcachta ar fáil.

Ar deireadh, léirigh na freagróirí tacaíocht fhorleathan leis an smaoineamh aois íosta a shocrú ag a bhféadfadh duine tacú le tionscnamh ó na saoránaigh agus mheas a lán daoine gur cheart go nascfaí an aois íosta sin leis an aois ag ar féidir le saoránaigh vóta a chaitheamh i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa. Mhaígh roinnt freagróirí, áfach, go raibh siad i bhfabhar aois íosta 16 bliana a shocrú, á rá nach toghchán atá i gceist leis an tionscnamh ó na saoránaigh ach tionscnamh lena socraítear clár agus go gcruthófaí spéis níos mó agus díospóireacht idir daoine óga ar shaincheisteanna Eorpacha dá mba rud é go mbeadh aois íosta 16 bliana leagtha síos ar fud an AE.

### 2.4. Na tionscnaimh á scrúdú ag an gCoimisiún

Tá na freagróirí ar an bhfocal céanna, den chuid is mó, go mbeadh teorainn ama 6 mhí oiriúnach don Choimisiún le go mbeadh sé in ann tionscnamh a scrúdú agus tátal a bhaint as.

Bhí dearcthaí éagsúla a tháinig chun cinn le linn an chomhairliúcháin, áfach, maidir le hinghlacthacht na dtionscnamh atá beartaithe.

Bhí go leor freagróirí den tuairim gur cheart inghlacthacht tionscnaimh ó na saoránaigh a sheiceáil sula mbailítear na ráitis tacaíochta ar fad, d'fhonn cur amú acmhainní a sheachaint agus ionas nach gcuirfear lagmhisneach ar na saoránaigh sin a shínigh tionscnamh rathúil, ach nár glacadh leis sa deireadh. Tá imní léirithe ag roinnt údarás poiblí, freisin, faoin úsáid a bhaintear as acmhainní poiblí, d'fhonn seiceálacha a dhéanamh le haghaidh na dtionscnamh sin nach nglacfaí leo sa deireadh.

Murab ionann is an méid sin, bhí freagróirí eile ann atá i gcoinne seiceáil inghlacthachta ex-ante a dhéanamh, á rá go bhfuil an díospóireacht a chruthaíonn tionscnamh fud fad na

hEorpa níos tábhachtaí ná an toradh deiridh. Creideann siad nach mbeadh sé oiriúnach dá mbeadh sé de chumhacht ag an gCoimisiún díospóireacht phoiblí ná feachtas a bhainfeadh le tionscnamh ó na saoránaigh a chosc ón tús, fiú mura bhfuil an díospóireacht sin nó an feachtas sin faoi chuimsiú a chumhachtaí.

## 3. PRÍOMHEILIMINTÍ AN TOGRA

### 3.1. Íoslíon na mBallstát (Airteagal 7)

Leagtar síos leis an togra gur aon trian de na Ballstáit a bheadh i gceist le híoslíon na mBallstát. Tógann an fhoráil sin ó fhorálacha eile atá sa Chonradh, lena leagtar síos gur leor naoi mBallstát nó aon trian de na Ballstáit lena áirithiú go dtagann an tionscnamh le leas de chuid an Aontais. Foráiltear leis an tairseach a úsáidtear sna forálacha a bhaineann le "comhar feabhsaithe" nach mór go mbeadh "naoi gcinn ar a laghad de na Ballstáit" rannpháiteach ann[2]. Úsáidtear an tairseach sin freisin mar thairseach a bhfuil gá leis chun tús a chur le nós imeachta phrionsabal na coimhdeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7(2) den Phrótacal maidir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta a chur i bhfeidhm, atá i gceangal leis na Conarthaí.

Léiríonn an tairseach sin an toradh a bhí ar an gcomhairliúchán poiblí freisin.

### 3.2. Íoslíon na saoránach as gach ceann de na Ballstáit sin (Airteagal 7 agus Iarscríbhinn I)

Mar fhorbairt ar an argóint a rinneadh le linn an chomhairliúcháin, is é sin nach mbeadh sé cothrom céatadán amháin a réamhshocrú do na Ballstáit uile, foráiltear leis an togra go mbeadh tairseach seasta ann do gach Ballstát ar leith, a bheadh i gcomhréir go céimlaghdaitheach le daonra gach Stáit ar leith agus go mbeadh teorainn íosta agus uasteorainn ann freisin.

D'fhonn a áirithiú go bhfuil na tairseacha sin bunaithe ar chritéir atá oibiachtúil, bhunaigh an Coimisiún iad ar iolrach de líon na bhFeisirí i bParlaimint na hEorpa i ngach Ballstát ar leith[3]. 750 an t-iolrach a roghnaíodh, ar an taobh amháin, chun aitheantas a thabhairt don éileamh a tháinig ón a lán geallsealbhóirí tairseach atá níos ísle ná 0.2 % den daonra a leagan síos, agus ar an taobh eile, chun aird a thabhairt ar an imní nár cheart don tairseach a bheith ró-íseal i mBallstáit bheaga. Dar ndóigh, de bhrí go n-úsáidfí fachtóir iolrúcháin 750, bheadh an tairseach i mbreis is leath de na Ballstáit faoi bhun nó go mór faoi bhun 0.2 % den daonra, agus bheadh an tairseach níos airde sna Ballstáit bheaga.

Ceadóidh an córas sin líon sínitheoirí atá níos ísle go comhréireach i dtíortha móra agus líon atá níos airde go comhréireach i dtíortha beaga.

### 3.3. Aois íosta (Airteagal 3(2))

I bhfianaise an toraidh a bhí ar an gcomhairliúchán, leagtar síos leis an togra gurb í an aois íosta an aois ag a bhfuil na saoránaigh i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa.

---

2 Airteagal 20 den Chonradh ar an Aontas Eorpach

3 Bunaithe ar an gcomhdhéanamh de Pharlaimint na hEorpa a aontaíodh i gcomhthéacs Chomhdháil Idir-Rialtasach 2007.

### 3.4. Clárú na dtionscnamh atá beartaithe (Airteagal 4)

Foráiltear leis an togra go ndéanfar córas éigeantach chun na tionscnaimh atá beartaithe a chlárú ar chlár ar líne agus is é an Coimisiún a chuirfidh an clár sin ar fáil. Taispeánann an méid sin an tacaíocht leathan a cuireadh in iúl don rogha sin le linn an chomhairliúcháin. Ní chiallaíonn an clárú féin go bhfuil cead an Choimisiúin faighte don tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe.

### 3.5. Nósanna imeachta agus coinníollacha chun ráitis tacaíochta a bhailiú (Airteagail 5 agus 6)

Ní leagtar síos aon srianta sa togra maidir leis an tslí inar cheart na ráitis tacaíochta a bhailiú. Tá an méid sin ag teacht leis na dearcthaí a léirigh formhór na ngeallsealbhóirí, is é sin nach mbeadh aon chostas ag baint leis an bpróiseas bailiúcháin.

Thairis sin, i bhfianaise na bhfreagraí a fuarthas ar an gcomhairliúchán, foráiltear leis an togra gur féidir ráitis tacaíochta a bhailiú ar líne freisin. Mar sin féin, lena áirithiú go mbeidh na ráitis tacaíochta a bhailítear ar líne chomh fíor céanna leis na ráitis a bhailítear i bhfoirm pháipéir, agus go bhféadfaidh na Ballstáit iad a sheiceáil ar an dóigh chéanna, tá sé ceangailte leis an togra go mbeadh dóthain gnéithe slándála in úsáid ar na córais bhailiúcháin ar líne agus go ndeimhneodh na Ballstáit go gcomhlíonann córais den sórt sin na ceanglais slándála sin, gan dochar don fhreagracht atá ar na heagraithe as na sonraí pearsanta sin a chosaint. Ós rud é go bhfuil gá sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a tharraingt suas chun an fhoráil sin a chur chun feidhme, tá sé beartaithe go leagfadh an Coimisún síos na sonraíochtaí sin ag úsáid bearta cur chun feidhme. Ba cheart an próiseas bailiúcháin ar líne a cheadú ó thús an phróisis áfach.

### 3.6. Teorainn ama maidir le ráitis tacaíochta a bhailiú (Airteagal 5(4))

Foráiltear leis an togra go mbeadh teorainn ama 12 mhí ann maidir le ráitis tacaíochta a bhailiú. Léiríonn an méid sin an gá atá ann leis an teorainn ama sin, rud a dearbhaíodh leis na freagraí ar an bPáipéar Uaine go n-áiritheofaí, ar an taobh amháin, go mbeadh na tionscnaimh ó na saoránaigh ábhartha i gcónaí, agus ar an taobh eile, go mbeadh an tréimhse bhailiúcháin fada go leor agus go dtabharfaí aird ar an gcastacht a bhaineann leis an obair san Aontas Eorpach.

### 3.7. Cinneadh maidir le hinghlacthacht tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe (Airteagal 8)

Foráiltear leis an togra go mbeidh ar eagraí an tionscnaimh iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh cinneadh a fháil faoi inghlacthacht an tionscnaimh nuair a bheidh 300 000 ráiteas tacaíochta faighte aige ó shínitheoirí arb as trí Bhallstát ar a laghad dóibh.

Freagraíonn na tairseacha a roghnófar don tseiceáil inghlacthachta sin, i gcoitinne, d'aon trian de na tairseacha deiridh a theastaíonn chun tionscnamh a thíolacadh don Choimisiún. Chun na críche sin, beidh gá le milliún ráiteas tacaíochta ar a laghad ó aon trian de na Ballstáit ar a laghad. Is féidir a mheas, dá bhrí sin, gur léiriú é aon trian de na tairseacha sin ar shampla ionadaíoch ar leor é d'fhonn tús a chur leis an tseiceáil inghlacthachta.

Bheadh dhá mhí ag an gCoimisiún, ina dhiaidh sin, chun measúnú a dhéanamh agus cinneadh a dhéanamh faoina dtagann an tionscnamh faoi chuimsiú a chumhachtaí agus faoina

mbaineann an tionscnamh le ceist inar féidir gníomh dlí de chuid an Aontais a ghlacadh chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

Léiríonn an cur chuige sin an imní a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin, is é sin an gá atá ann seiceáil a dhéanamh, tráth níos luaithe sa phróiseas, faoina bhfuil an tionscnamh inghlactha de réir an dlí, agus é sin a dhéanamh fiú sula mbailítear na ráitis tacaíochta go léir agus sula mbeidh ceangal ar na Ballstáit na ráitis sin a fhíorú. Ní fhoráiltear leis an méid sin, áfach, go ndéanfaí inghlacthacht den sórt sin a sheiceáil ag tús an phóisis ar fad, is é sin sula gcláraítear na tionscnaimh, óir is príomhchuspóir atá ann díospóireacht phoiblí ar shaincheisteanna Eorpacha a chur chun cinn, fiú mura dtiocfaidh an tionscnamh sin faoi chuimsiú chumhachtaí dlíthiúla an Choimisiúin. Thairis sin, seachnaítear leis an gcur chuige atá roghnaithe go dtugtar le tuiscint gur léirigh an Coimisiún tuairim fhabhrach i leith an tionscnaimh féin sula mbeidh aon ráitis tacaíochta bailithe fós. Ina theannta sin, sheachnófaí leis an gcur chuige sin go gcuirfí ualach riaracháin ar na Ballstáit seiceálacha a dhéanamh ar na ráitis tacaíochta sin a fuarthas maidir le tionscnamh nach nglacfaí leis sa deireadh b'fhéidir.

### 3.8. Ceanglais maidir le ráitis tacaíochta a bhailiú agus a fhíorú (Airteagal 9)

D'fhonn an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a theorannú, fágann an togra gurb iad na Ballstáit a dhéanfaidh an cinneadh faoi na seiceálacha a dhéanamh maidir leis an mbailíocht a fhíorú i gcás na ráiteas tacaíochta sin a bhailítear do thionscnamh ar dearbhaíodh go bhfuil sé inghlactha. Ba cheart do na seiceálacha sin a bheith oiriúnach ionas go bhféadfaidh siad líon na ráiteas tacaíochta a fhaightear ón mBallstát lena mbaineann a dheimhniú agus ba cheart go ndéanfaí iad laistigh de theorainn ama trí mhí. Ciallóidh an cur chuige sin, mar shampla, go bhféadfaidh na Ballstáit seiceálacha den sórt sin a dhéanamh ar bhonn samplaí randamacha, arb é an córas fíorúcháin é a úsáideann formhór na mBallstát agus iad ag déanamh seiceála ar na tionscnaimh ó na saoránaigh.

### 3.9. Tionscnamh ó na saoránaigh á scrúdú ag an gCoimisiún (Airteagal 11)

Foráiltear leis an togra go mbeadh teorainn ama 4 mhí ag an gCoimisiún le scrúdú a dhéanamh ar thionscnamh ó na saoránaigh a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin ar bhonn foirmiúil i gcomhréir le forálacha an Rialacháin. Taispeánann an méid sin an tacaíocht fhoriomlán a cuireadh in iúl don chur chuige sin le linn an chomhairliúcháin. Bheadh ar an gCoimisiún a thátal ar an tionscnamh agus an beart atá beartaithe aige a leagan amach i dTeachtaireacht agus thabharfaí fógra faoin Teachtaireacht sin chuig eagraí an tionscnaimh, agus chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle agus phoibleofaí é freisin.

### 3.10. Sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 12)

Féachtar chuige sa togra go ndéanfar cosaint na sonraí a áirithiú go hiomlán san eagraíocht agus go ndéanfaidh na gníomhaithe ar fad a bhfuil baint acu léi - an t-eagraí, na Ballstáit agus an Coimisiún - an obair chuí ina dhiaidh sin ar an tionscnamh ó na saoránaigh. Tá feidhm maidir le sonraí pearsanta a dhéantar a phróiseáil agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm ag ceanglais Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[4] agus ag ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag

---

4 IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

institiúidí agus ag comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[5]. Bhíothas den tuairim, áfach, ar mhaithe le gach amhras a sheachaint, gurbh iomchuí eagraí tionscnaimh ó na saoránaigh a ainmniú mar rialaitheoir sonraí de réir bhrí Threoir 95/46/CE agus gurbh iomchuí uastréimhse a shonrú faoinar féidir na sonraí pearsanta a bhailítear chun críocha tionscnaimh ó na saoránaigh a choimeád lena linn. Sa bhreis air sin, cé go bhfuil feidhm iomlán ag forálacha Chaibidil III de Threoir 95/46/CE maidir le leigheasanna breithiúnacha, dliteanas agus smachtbhannaí a fhad a bhaineann siad le sonraí a phróiseáiltear agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, bhíothas den tuairim freisin gurbh iomchuí foráil a dhéanamh go n-áiritheodh na Ballstáit go mbeadh eagraithe tionscnaimh ó na saoránaigh freagrach i sáruithe ar an Rialachán seo faoina ndlí sibhialta nó coiriúil féin.

### 3.11. Na hiarscríbhinní agus an clásal athbhreithnithe a athbhreithniú (Airteagail 16 agus 21)

Ós rud é nach bhfuil aon taithí ag an AE ar an gcineál seo ionstraime de dhaonlathas rannpháirtíochta, déantar foráil leis an togra do chlásal athbhreithnithe, lena gceanglaítear go ndéanfadh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin tar éis tréimhse cúig bliana.

Ina theannta sin, gan dearmad a dhéanamh go bhféadfadh sé go mbeadh gá athruithe teicniúla áirithe a dhéanamh ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán, go háirithe i bhfianaise na taithí atá ann, foráiltear leis an togra go mbeadh deis ag an gCoimisiún na hIarscríbhinní a leasú trí ghníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá an Coimisiún den tuairim, dar ndóigh, nach mbeadh gá le togra iomlán reachtach chun na hathruithe sin a dhéanamh agus go bhfuil cúis mhaith leis na cumhachtaí tarmligthe a úsáid.

[5] IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.

2010/0074 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an tionscnamh ó na saoránaigh

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad mhír d'Airteagal 24 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[6],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[7],

Tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí[8],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Leis an gConradh ar an Aontas Eorpach neartaítear saoránacht an Aontais agus treisítear feidhmiú daonlathach an Aontais trína fhoráil, *inter alia*, go mbeidh an ceart ag gach saoránach a bheith rannpháirteach i saol daonlathach an Aontais agus go bhféadfaidh saoránaigh den Aontas, nach lú a líon ná aon mhilliún amháin ar a laghad as líon suntasach de Bhallstáit, an tionscnamh a ghlacadh iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach, faoi chuimsiú a chumhachtaí, togra iomchuí a thíolacadh maidir le ceisteanna a bhfuil gá dar leis na saoránaigh le gníomh dlí de chuid an Aontais ina leith chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(2) Leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh foráiltear gur cheart go nglacfadh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na forálacha a bhaineann leis na nósanna imeachta agus na coinníollacha is gá do thionscnamh den sórt sin ó na saoránaigh.

(3) Ba cheart go mbeadh na nósanna imeachta agus na coinníollacha sin soiléir, simplí, éasca le húsáid agus comhréireach leis an gcineál tionscnaimh ó na saoránaigh lena mbaineann.

---

6 IO C , , lch.
7 IO C , , lch.
8 IO C , , lch.

(4) Ba cheart go n-áiritheofaí leo freisin go bhfuil saoránaigh an Aontais faoi réir ag coinníollacha cosúla chun tacú le tionscnamh ó na saoránaigh, cuma cén Ballstát arb as dóibh.

(5) Is gá íoslíon Ballstát a leagan síos agus caithfidh gurb as an íoslíon Ballstát sin do na saoránaigh. D'fhonn a áirithiú go bhfuil tionscnamh ó na saoránaigh ag teacht le leas de chuid an Aontais, is aon trian de na Ballstáit ba cheart a bheith sa líon sin.

(6) Chuige sin, is iomchuí freisin an t-íoslíon saoránach as gach ceann de na Ballstáit sin faoi seach a leagan síos. D'fhonn coinníollacha cosúla a áirithiú do shaoránaigh chun tacú le tionscnamh ó na saoránaigh, ba cheart go mbeadh na líonta íosta sin comhréireach le daonra gach Ballstáit agus go laghdófaí iad de réir a chéile ag brath ar dhaonra gach Ballstáit. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart na líonta íosta do gach Ballstát a leagan amach in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(7) Is iomchuí aois íosta a leagan síos chun tacú le tionscnamh ó na saoránaigh. Ba cheart an aois ag a bhfuil saoránaigh i dteideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa a leagan síos mar aois íosta.

(8) D'fhonn comhtháiteacht agus trédhearcacht a áirithiú maidir le tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe, ba cheart go mbeadh sé éigeantach a leithéidí de thionscnaimh a chlárú ar shuíomh gréasáin arna chur ar fáil ag an gCoimisiún sula mbailítear na ráitis tacaíochta is gá ó shaoránaigh; níor cheart tograí atá maslach nó nach bhfuil dáiríre a chlárú agus ba cheart don Choimisiún diúltú tograí a chlárú ar rí-léir iad a bheith in aghaidh luachanna an Aontais. Ba cheart don Choimisiún déileáil le clárúchán i gcomhréir le prionsabail ghinearálta an dea-riaracháin.

(9) Maidir le heagraí tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe, ba cheart go mbeadh sé nó sí freagrach as na ráitis tacaíochta is gá a bhailiú ó shaoránaigh.

(10) Is iomchuí a fhoráil go mbaileofar ráitis tacaíochta i bhfoirm pháipéir, mar aon le hiad a bhailiú ar líne. Ba cheart go mbeadh gnéithe slándála leordhóthanacha ag baint le córais bhailiúcháin ar líne d'fhonn a áirithiú, *inter alia*, go mbeifear in ann an duine a aithint agus go stórálfar na sonraí go sábháilte. Chuige sin, ba cheart go gceanglófaí ar an gCoimsiún sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe a leagan síos do chórais bhailiúcháin ar líne.

(11) Is iomchuí go bhfíoróidh Ballstáit go gcomhlíonann córais bhailiúcháin ar líne ceanglais an Rialacháin seo.

(12) Is iomchuí a áirithiú go mbailítear ráitis tacaíochta a bhaineann le tionscnamh ó na saoránaigh laistigh de theorainn shonrach ama. Maidir le tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe, d'fhonn a áirithiú go leanann siad de bheith ábhartha, agus an chastacht a bhaineann le ráitis tacaíochta a bhailiú ar fud an Aontais Eorpaigh á cur san áireamh, níor cheart go mbeadh an teorainn ama sin níos faide ná 12 mhí ón dáta ar ar cláraíodh an tionscnamh atá beartaithe.

(13) Is iomchuí go ndéanfadh an Coimisiún cinneadh sách luath maidir le hinghlacthacht tionscnamh atá beartaithe. Dá bharr sin, ba cheart don eagraí an cinneadh sin a iarraidh tar éis dó nó di 300 000 ráiteas tacaíochta a bhailiú don tionscnamh atá beartaithe ó shínitheoirí arb as trí Bhallstát ar a laghad dóibh.

(14) Ba cheart don Choimisiún, laistigh de dhá mhí tar éis dó iarraidh a fháil ón eagraí, cinneadh a ghlacadh maidir le hinghlacthacht na hiarrata sin. Ba cheart a mheas go bhfuil tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe inghlactha má thagann sé faoi chuimsiú chumhachtaí an Choimisiúin agus má bhaineann sé le hábhar inar féidir gníomh dlí de chuid an Aontais a ghlacadh chun na Conarthaí a chur chun feidhme.

(15) I gcás ina bhfuil na ráitis tacaíochta is gá faighte ó na sínitheoirí maidir le tionscnamh ó na saoránaigh agus ar choinníoll go meastar go bhfuil an tionscnamh sin inghlactha, is iomchuí a fhoráil gur cheart go mbeadh gach Ballstát freagrach as fíorúchán agus deimhniúchán a dhéanamh ar ráitis tacaíochta arna mbailiú ó shaoránaigh arb as don Stát sin dóibh. Agus aird á tabhairt ar an ngá atá ann an t-ualach riaracháin do Bhallstáit a theorannú, ba cheart dóibh, laistigh de thrí mhí, na deimhnithe sin a dhéanamh trí sheiceálacha iomchuí a dhéanamh agus ba cheart dóibh doiciméad a eisiúint ina ndeimhneofar líon na ráiteas tacaíochta bailí a fuarthas.

(16) Ba cheart d'eagraithe a áirithiú go gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha ar fad atá leagtha síos sa Rialachán seo sula dtíolacann siad tionscnamh ó na saoránaigh don Choimisiún.

(17) Ba cheart don Choimisiún, laistigh de cheithre mhí, tionscnamh ó na saoránaigh a scrúdú agus a chonclúidí a chur in iúl agus na bearta a shonrú a bhfuil sé ar intinn aige a dhéanamh mar fhreagra ar an tionscnamh.

(18) Tá feidhm iomlán, maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ag Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[9]. I dtaca leis seo, is iomchuí a shoiléiriú gurb iad eagraí an tionscnaimh ó na saoránaigh agus údaráis inniúla na mBallstát na rialaitheoirí sonraí de réir bhrí Threoir 95/46/CE agus is iomchuí freisin, maidir leis na sonraí pearsanta arna mbailiú chun críocha tionscnaimh ó na saoránaigh, an uastréimhse is féidir na sonraí sin a choimeád a shonrú. Ina gcáil mar rialaitheoirí sonraí, caithfidh na heagraithe na bearta iomchuí ar fad a dhéanamh chun na hoibleagáidí arna bhforchur ag Treoir 95/46/CE a chomhlíonadh, go háirithe na hoibleagáidí a bhaineann le dlíthiúlacht na próiseála, sábháilteacht na ngníomhaíochtaí próiseála agus an tsoláthair faisnéise agus cearta an duine is ábhar do na sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a rochtain, mar aon lena chearta nó lena cearta a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a cheartú agus a scriosadh.

(19) Tá feidhm iomlán ag forálacha Chaibidil III de Threoir 95/46/CE maidir le leigheasanna breithiúnacha, dliteanas agus smachtbhannaí maidir leis an bpróiseáil sonraí a dhéantar agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, ba cheart go n-áiritheodh Ballstáit go bhfuil eagraithe tionscnaimh ó na saoránaigh freagrach i sáruithe ar an Rialachán seo agus in ábhair eile atá bainteach leis faoina ndlí sibhialta nó coiriúil.

(20) Tá feidhm iomlán, maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag an gCoimisiún agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair

---

9 IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[10].

(21) Ba cheart cumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú.

(22) Ba cheart na bearta is gá chun an Rialachán a chur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún[11].

(23) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil a dhéanamh ar chur chun feidhme an Rialacháin seo cúig bliana tar éis don Rialachán teacht i bhfeidhm.

(24) Urramaítear leis an Rialachán seo cearta bunúsacha agus cloítear ann leis na prionsabail a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe Airteagal 8 di, ina sonraítear go bhfuil an ceart ag gach duine go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
**Ábhar**

Leis an Rialachán seo bunaítear na nósanna imeachta agus na coinníollacha is gá i gcomhair tionscnaimh ó na saoránaigh dá bhforáiltear in Airteagal 11 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus in Airteagal 24 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

*Airteagal 2*
**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. Ciallaíonn "tionscnamh ó na saoránaigh" tionscnamh, arna thíolacadh don Choimisiún i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-iarrtar ar an gCoimisiún, faoi chuimsiú a chumhachtaí, togra iomchuí a thíolacadh maidir le ceisteanna a bhfuil gá dar leis na saoránaigh le gníomh dlí de chuid an Aontais ina leith chun na Conarthaí a chur chun feidhme, ar tionscnamh é lenar thacaigh milliún sínitheoir bailí ar a laghad, ar sínitheoirí iad arb as aon trian ar a laghad de na Ballstáit ar fad dóibh;

2. Ciallaíonn "sínitheoirí" saoránaigh an Aontais a thacaigh le tionscnamh áirithe ó na saoránaigh trí ráiteas tacaíochta don tionscnamh sin a chomhlánú;

3. Ciallaíonn "eagraí" duine nádúrtha nó dlítheanach nó eagraíocht atá freagrach as tionscnamh ó na saoránaigh a ullmhú agus a thíolacadh don Choimisiún.

---

[10] IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.
[11] IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

*Airteagal 3*
**Ceanglais ar an eagraí agus ar na sínitheoirí**

1. I gcás inar duine nádúrtha an t-eagraí, saoránach de chuid an Aontais a bheidh sa duine sin agus beidh aois aige nó aici a thugann teideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin na hEorpa.

   I gcás inar duine dlítheanach nó eagraíocht an t-eagraí, beidh sé nó sí bunaithe i mBallstát. Beidh ag eagraíochtaí nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoin dlí náisiúnta is infheidhme ionadaithe a bheidh in ann oibleagáidí dlíthiúla a chomhall ar a son agus dliteanas a ghabháil i leith na n-oibleagáidí sin.

2. D'fhonn a bheith incháilithe chun tacú le tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe, saoránaigh de chuid an Aontais a bheidh sna sínitheoirí agus beidh aois acu a thugann teideal vóta a chaitheamh i dtoghcháin na hEorpa.

*Airteagal 4*
**Clárú tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe**

1. Sula gcuireann sé nó sí tús le ráitis tacaíochta a bhailiú ó shínitheoirí i gcomhair tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe, beidh sé de cheangal ar an eagraí an tionscnamh sin a chlárú leis an gCoimisiún agus an fhaisnéis atá leagtha amach in Iarscríbhinn II a thabhairt, go háirithe an fhaisnéis maidir leis an ábhar agus na cuspóirí, mar aon leis na foinsí maoinithe agus an tacaíocht don tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe.

   Tabharfar an fhaisnéis sin i gceann de theangacha oifigiúla an Aontais, i gclár ar líne arna chur ar fáil ag an gCoimisiún chun na críche sin (dá ngairtear "an clár" anseo feasta).

2. Ach amháin sna cásanna dá bhforáiltear i mír 3 agus mír 4, déanfaidh an Coimisiún an tionscnamh a chlárú gan mhoill faoi uimhir uathúil chlárúcháin agus seolfaidh sé dearbhú chuig an eagraí.

3. Ní chlárófar tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe ar féidir a mheas le réasún go bhfuil siad míchuí toisc iad a bheith maslach nó gan iad a bheith dáiríre.

4. Diúltóidh an Coimisiún tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe a chlárú, ar tionscnaimh iad ar rí-léir go bhfuil siad in aghaidh luachanna an Aontais.

5. Déanfar tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe agus atá cláraithe a phoibliú sa chlár.

*Airteagal 5*
**Nósanna imeachta agus coinníollacha chun ráitis tacaíochta a bhailiú**

1. Beidh an t-eagraí freagrach as na ráitis tacaíochta is gá a bhailiú ó na sínitheoirí i gcomhair tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe agus a cláraíodh i gcomhréir le hAirteagal 4.

Ní féidir ach foirmeacha ráitis tacaíochta a chomhlíonann an múnla atá leagtha amach in Iarscríbhinn III a úsáid chun na críche sin. Comhlánfaidh an t-eagraí na foirmeacha mar atá léirithe in Iarscríbhinn III sula dtosóidh sé nó sí ag bailiú ráiteas tacaíochta ó shínitheoirí. Beidh an fhaisnéis a thabharfar sna foirmeacha sin ag teacht leis an bhfaisnéis atá sa chlár.

2. Féadfaidh an t-eagraí ráitis tacaíochta a bhailiú i bhfoirm pháipéir nó i bhfoirm leictreonach. I gcás ina mbaileofar ráitis tacaíochta i bhfoirm leictreonach, beidh feidhm ag Airteagal 6.

3. Beidh sé de cheangal ar shínitheoirí foirmeacha ráitis tacaíochta arna gcur ar fáil ag an eagraí a chomhlánú.

Ní fhéadfaidh sínitheoirí a dtacaíocht le tionscnamh áirithe ó na saoránaigh atá beartaithe a léiriú ach uair amháin.

4. Baileofar gach ráiteas tacaíochta tar éis an dáta ar ar cláraíodh an tionscnamh atá beartaithe agus laistigh de thréimhse nach mbeidh níos faide ná 12 mhí.

*Airteagal 6*
**Córais bhailiúcháin ar líne**

1. I gcás ina mbaileofar ráitis tacaíochta i bhfoirm leictreonach, déanfar na sonraí a fhaightear tríd an gcóras bailiúcháin ar líne a stóráil i gcríoch Ballstáit. Féadfar an múnla le haghaidh na bhfoirmeacha ráitis tacaíochta a oiriúnú ar mhaithe leis an mbailiúchán leictreonach.

2. Sula dtosóidh sé nó sí ag bailiú ráiteas tacaíochta ó shínitheoirí, áiritheoidh an t-eagraí go gcomhlíonann an córas bailiúcháin ar líne a úsáidfear chun na críche sin forálacha mhír 4. Féadfaidh an t-eagraí, ag am ar bith, iarraidh ar údarás inniúil ábhartha an Bhallstáit ina bhfuil na sonraí arna mbailiú stóráilte nó ina mbeidh siad stóráilte, deimhniú a thabhairt go gcomhlíonann an córas bailiúcháin ar líne na forálacha sin. Cibé ar bith, iarrfaidh an t-eagraí an deimhniú sin sula dtíolacfaidh sé ráitis tacaíochta le fíorú i gcomhréir le hAirteagal 9.

3. I gcás ina gcomhlíonfaidh an córas bailiúcháin ar líne na forálacha dá dtagraítear i mír 4, eiseoidh an t-údarás inniúil ábhartha deimhniú laistigh de mhí amháin i gcomhréir leis an múnla atá leagtha amach in Iarscríbhinn IV. Go dtí go nglacfar na sonraíochtaí teicniúla atá luaite i mír 5, cuirfidh an t-údarás inniúil na sonraíochtaí náisiúnta teicniúla iomchuí i bhfeidhm chun comhréireacht an chórais bhailiúcháin ar líne le mír 4 a mheasúnú.

Aithneoidh na Ballstáit na deimhnithe arna n-eisiúint ag údaráis inniúla Ballstát eile.

4. Beidh gnéithe slándála agus teicniúla leordhóthanacha ag baint le córais bhailiúcháin ar líne d'fhonn a áirithiú:

a. nach bhféadfaidh ach daoine nádúrtha foirm ráitis tacaíochta a thíolacadh ar líne;

b. gur féidir céannacht an duine a fhíorú;

c. go stóráiltear go sábháilte na sonraí arna soláthar ar líne, d'fhonn a áirithiú, *inter alia*, nach bhféadfar iad a mhodhnú ná a úsáid chun aon chríche seachas chun na críche atá sonraithe, eadhon tacaíocht a thabhairt don tionscnamh áirithe ó na saoránaigh agus sonraí pearsanta a chosaint ar scrios, bíodh sé trí thaisme nó neamhdhleathach, nó ar chailliúint trí thaisme, ar athrú, ar nochtadh gan údarás nó ar rochtain gan údarás;

d. gur féidir leis an gcóras ráitis tacaíochta aonair a chruthú i bhfoirm a chloíonn leis an múnla atá leagtha amach in Iarscríbhinn III, ionas go bhféadfaidh na Ballstáit maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras, i gcomhréir le hAirteagal 9(2).

5. Laistigh de 12 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, glacfaidh an Coimisiún sonraíochtaí teicniúla chun mír 4 a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin atá leagtha síos in Airteagal 19(2).

*Airteagal 7*
**Íoslíon na sínitheoirí in aghaidh an Bhallstáit**

1. Is daoine arb as aon trian ar a laghad de na Ballstáit dóibh a bheidh i sínitheoirí tionscnaimh ó na saoránaigh.

2. In aon trian de na Ballstáit, is é an t-íoslíon saoránach ar a laghad atá leagtha amach in Iarscríbhinn I a bheidh i sínitheoirí na mBallstát sin.

3. Measfar gurb é an Ballstát a d'eisigh an doiciméad céannachta arna shonrú sa ráiteas tacaíochta an Ballstát arb as do na sínitheoirí.

*Airteagal 8*
**Cinneadh maidir le hinghlacthacht tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe**

1. Tar éis dó nó di 300 000 ráiteas tacaíochta a bhailiú, i gcomhréir le hAirteagal 5, ó shínitheoirí arb as trí Bhallstát ar a laghad dóibh Airteagal déanfaidh an t-eagraí iarraidh ar chinneadh maidir le hinghlacthacht an tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe a thíolacadh don Choimisiún. Chuige sin, úsáidfidh an t-eagraí an fhoirm atá leagtha amach in Iarscríbhinn V.

2. Laistigh de dhá mhí tar éis dó an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 a fháil, déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir le hinghlacthacht na hiarrata sin. Measfar go bhfuil an tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe inghlactha más rud é go gcomhlíonann sé na coinníollacha seo a leanas:

   a. baineann sé le ceist inar féidir gníomh dlí de chuid an Aontais a ghlacadh ina leith chun na Conarthaí a chur chun feidhme; agus

   b. tagann sé faoi chuimsiú chumhachtaí an Choimisiúin togra a dhéanamh.

3. Cuirfear eagraí an tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe ar an eolas faoin gcinneadh dá dtagraítear i mír 2 agus poibleofar an cinneadh sin.

*Airteagal 9*
**Forálacha maidir le ráitis tacaíochta á bhfíorú agus á ndeimhniú ag na Ballstáit**

1. Tar éis dó nó di na ráitis tacaíochta is gá a bhailiú ó shínitheoirí i gcomhréir le hAirteagal 5 agus Airteagal 7, agus ar choinníoll go ndearna an Coimisiún cinneadh go bhfuil tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe inghlactha i gcomhréir le hAirteagal 8, tíolacfaidh an t-eagraí na ráitis tacaíochta, i bhfoirm pháipéir nó i bhfoirm leictreonach, do na húdaráis inniúla ábhartha dá bhforáiltear in Airteagal 14 d'fhonn iad a fhíorú agus a dheimhniú. Chuige sin, úsáidfidh an t-eagraí an fhoirm atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI.

   Tíolacfaidh an t-eagraí ráitis tacaíochta don Bhallstát a d'eisigh an doiciméad céannachta arna shonrú sna ráitis.

2. Laistigh de thréimhse nach faide ná trí mhí, déanfaidh na húdaráis inniúla na ráitis tacaíochta arna soláthar a fhíorú trí sheiceálacha iomchuí, agus tabharfaidh siad deimhniú don eagraí i gcomhréir leis an múnla atá leagtha amach in Iarscríbhinn VII, lena ndeimhneofar líon na ráiteas tacaíochta bailí don Bhallstát sin.

3. Eiseofar an deimhniú dá bhforáiltear i mír 2 saor in aisce.

*Airteagal 10*
**Tionscnamh ó na saoránaigh a thíolacadh don Choimisiún**

Tar éis don eagraí na deimhnithe dá bhforáiltear in Airteagal 9(2) a fháil, agus ar choinníoll gur comhlíonadh na nósanna imeachta ábhartha agus na coinníollacha ábhartha ar fad atá leagtha amach sa Rialachán seo, féadfaidh sé nó sí an tionscnamh ó na saoránaigh a thíolacadh don Choimisiún.

Chun críche an airteagail seo, úsáidfaidh an t-eagraí an fhoirm atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII agus tíolacfaidh sé an fhoirm chomhlánaithe mar aon le cóipeanna, i bhfoirm pháipéir nó i bhfoirm leictreonach, de na deimhnithe dá dtagraítear sa chéad mhír thuas.

Féadfaidh an Coimisiún doiciméid bhunaidh na ndeimhnithe sin a iarraidh.

*Airteagal 11*
**An nós imeachta don Choimisiún chun tionscnaimh ó na saoránaigh a scrúdú**

1. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún tionscnamh ó na saoránigh i gcomhréir le hAirteagal 10 déanfaidh sé:

   a. an tionscnamh ó na saoránaigh a fhoilsiú gan mhoill ar a shuíomh gréasáin;

   b. an tionscnamh ó na saoránaigh a scrúdú agus, laistigh de 4 mhí, na nithe seo a leanas a chur in iúl i dteachtaireacht: a chonclúidí maidir leis an tionscnamh, na bearta a bhfuil sé ar intinn aige a dhéanamh, más ann dóibh, agus na cúiseanna ar a bhfuil sé ar intinn aige na bearta sin a dhéanamh.

2. Cuirfear eagraí an tionscnaimh ó na saoránaigh ar an eolas faoin teachtaireacht dá dtagraítear i mír 1(b) agus cuirfear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas freisin, agus poibleofar an teachtaireacht.

*Airteagal 12*

**Cosaint sonraí pearsanta**

Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil acu de bhun an Rialacháin, urramóidh eagraí an tionscnaimh ó na saoránaigh agus údaráis inniúla an Bhallstáit Treoir 95/46/CE agus na forálacha náisiúnta arna nglacadh dá mbun.

Chun críocha a bpróiseála sonraí pearsanta, i gcomhréir le hAirteagal 2(d) de Threoir 95/46/CE, measfar gur rialaitheoirí sonraí iad eagraí tionscnaimh ó na saoránaigh agus na húdaráis inniúla arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 14(2).

Scriosfaidh an t-eagraí gach ráiteas tacaíochta a fhaightear maidir le tionscnamh áirithe ó na saoránaigh agus aon chóipeanna de na ráitis sin, mí tar éis dó nó di an tionscnamh sin a thíolacadh don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 10 ar a dhéanaí, nó 18 mí tar éis an dáta ar ar cláraíodh tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe, cibé dáta acu sin is túisce.

Scriosfaidh an t-údarás inniúil gach ráiteas tacaíochta agus gach cóip de na ráitis sin a fuarthas chun an fíorúchán a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 9(2), mí tar éis dó an deimhniú dá dtagraítear san Airteagal sin a eisiúint ar a dhéanaí.

Déanfaidh an t-eagraí bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla a chur chun feidhme chun sonraí pearsanta a chosaint ar scrios, bíodh sé trí thaisme nó neamhdhleathach, nó ar chailliúint trí thaisme, ar athrú, ar nochtadh gan údarás nó ar rochtain gan údarás, go háirithe nuair atá tarchur sonraí thar ghréasán i gceist leis an bpróiseáil, agus chun iad a chosaint ar gach cineál próiseála neamhdhleathaí eile.

*Airteagal 13*

**Dliteanas**

Áiritheoidh Ballstáit go mbeidh eagraithe a bhfuil cónaí orthu nó atá bunaithe ar a gcríoch freagrach i sáruithe ar an Rialachán seo faoina ndlí sibhialta nó coiriúil agus go mbeidh siad freagrach go háirithe sna nithe seo a leanas:

a. dearbhuithe bréagacha arna ndéanamh ag eagraithe;

b. neamh-chomhlíonadh na gceanglas do chórais bhailiúcháin ar líne;

c. úsáid chalaoiseach sonraí.

*Airteagal 14*

**Údaráis inniúla sna Ballstáit**

1. Chun Airteagal 6(3) a chur chun feidhme, ainmneoidh na Ballstáit údaráis inniúla a bheidh freagrach as an deimhniú dá bhforáiltear san Airteagal sin a eisiúint.

2. Chun Airteagal 9(2) a chur chun feidhme, ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil amháin a bheidh freagrach as an bpróiseas a chomhordú chun ráitis tacaíochta a fhíorú agus as na deimhnithe dá bhforáiltear san Airteagal sin a thabhairt.

3. Tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfidh na Ballstáit ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

4. Cuirfidh an Coimisiún liosta na n-údarás inniúil ar fáil don phobal.

*Airteagal 15*

**Na hIarscríbhinní a leasú**

Trí ghníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagail 16, 17 agus 18, féadfaidh an Coimisiún leasuithe ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo a ghlacadh.

*Airteagal 16*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Déanfar na cumhachtaí chun na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 15 a ghlacadh a thabhairt don Choimisiún ar feadh tréimhse éiginnte ama.

2. A luaithe agus a ghlacann sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra faoin méid sin do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an tráth céanna.

3. Tugtar na cumhachtaí chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh don Choimisiún faoi reir na gcoinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 17 agus Airteagal 18.

*Airteagal 17*

**An tarmligean a chúlghairm**

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 15 a chúlghairm tráth ar bith.

2. Maidir leis an institiúid a mbeidh tús curtha aici le nós imeachta inmheánach d'fhonn a chinneadh an ndéanfar nó nach ndéanfar tarmligean na cumhachta a chúlghairm, féachfaidh sí chuige fógra ina leith sin a thabhairt don institiúid eile agus don Choimisiún laistigh de thréimhse réasúnach sula ndéanfar an cinneadh deireanach, agus luafaidh sí na cumhachtaí tarmligthe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir cúlghairme agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an gcúlghairm sin.

3. Má chinntear an chúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na gcumhachtaí a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an gcinneadh láithreach nó ag dáta níos déanaí a bheidh sonraithe ann. Ní bheidh éifeacht aige ar bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

*Airteagal 18*

**Agóidí i gcoinne gníomhartha tarmligthe**

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe laistigh de dhá mhí tar éis an dáta a fhaigheann siad fógra. Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle déanfar an tréimhse sin a shíneadh ar feadh míosa amháin.

2. Más rud é, nuair a thiocfaidh deireadh leis an tréimhse sin, nach ndearna Parlaimint na hEorpa ná an Chomhairle agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe, foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ar an dáta arna shonrú ann.

   Féadfar an gníomh tarmligthe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm sula dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse sin, más rud é gur chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon an Coimisiún ar an eolas nach bhfuil sé ar intinn acu agóidí a dhéanamh.

3. Má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid i gcoinne gnímh tharmligthe, ní thiocfaidh an gníomh sin i bhfeidhm. Luafaidh an institiúid a dhéanann agóid na cúiseanna atá aici agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh tharmligthe.

*Airteagal 19*

**Coiste**

1. Chun Airteagal 6(5) a chur chun feidhme, beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

   Trí mhí a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

*Airteagal 20*

**Fógra faoi bhearta náisiúnta**

Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún faoi na forálacha sonracha a ghlacann sé chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.

Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit eile ar an eolas faoin méid sin.

*Airteagal 21*

**Clásal athbhreithnithe**

Cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

*Airteagal 22*
**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa,* | *Thar ceann na Comhairle,* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## IARSCRÍBHINN I

## Íoslíon na sínitheoirí in aghaidh an Bhallstáit

| | |
|---|---|
| An Ostair | 14250 |
| An Bheilg | 16500 |
| An Bhulgáir | 13500 |
| An Chipir | 4500 |
| Poblacht na Seice | 16500 |
| An Danmhairg | 9750 |
| An Eastóin | 4500 |
| An Fhionlainn | 9750 |
| An Fhrainc | 55500 |
| An Ghearmáin | 72000 |
| An Ghréig | 16500 |
| An Ungáir | 16500 |
| Éire | 9000 |
| An Iodáil | 54750 |
| An Laitvia | 6750 |
| An Liotuáin | 9000 |
| Lucsamburg | 4500 |
| Málta | 4500 |
| An Ísiltír | 19500 |
| An Pholainn | 38250 |
| An Phortaingéil | 16500 |
| An Rómáin | 24750 |
| An tSlóvaic | 9750 |
| An tSlóivéin | 6000 |
| An Spáinn | 40500 |
| An tSualainn | 15000 |
| An Ríocht Aontaithe | 54750 |

## IARSCRÍBHINN II

**Faisnéis atá riachtanach chun tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe a chlárú**

Soláthrófar an fhaisnéis seo a leanas chun tionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe a chlárú ar chlár an Choimisiúin:

1. Teideal an tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe, gan níos mó ná 100 carachtar a bheith ann;

2. Ábhar an tionscnaimh, gan níos mó ná 200 carachtar a bheith ann;

3. Tuairisc ar chuspóirí an tionscnaimh a n-iarrtar ar an gCoimisiún gníomhú dá réir, gan níos mó ná 500 carachtar a bheith inti;

4. Bunús dlí na gConarthaí a chuirfeadh ar chumas an Choimisiúin gníomhú;

5. Ainm iomlán, seoladh agus seoladh ríomhphoist an eagraí nó, i gcás entitis dhlíthiúil nó eagraíochta, ainm iomlán, seoladh agus seoladh ríomhphoist a ionadaí dhlíthiúil nó a hionadaí dhlíthiúil;

7. Gach foinse maoinithe agus tacaíochta don tionscnamh atá beartaithe tráth an chlárúcháin.

*Féadfaidh eagraithe faisnéis níos mionsonraithe a sholáthar in iarscríbhinn ar ábhar, ar chuspóirí agus ar chúlra an tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe. Féadfaidh siad freisin, más mian leo, dréacht-téacs reachtach a sholáthar.*

# IARSCRÍBHINN III

## Foirm ráitis tacaíochta

Bosca 1: *(le comhlánú roimh ré ag an eagraí)*

1. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin*:

2. Dáta clárúcháin*:

3. Seoladh idirlín an tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe ar chlár an Choimisiúin*:

Bosca 2: *(le comhlánú roimh ré ag an eagraí)*

1. Teideal an tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe*: *(100 carachtar ar a mhéad)*

2. Ábhar*: *(ba cheart don -ábhar a bheith chomh soiléir agus is féidir) (200 carachtar ar a mhéad)*

3. Tuairisc ar phríomhchuspóirí an tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe*: *(500 carachtar ar a mhéad)*

4. Ainm agus seoladh an eagraí*:

5. Suíomh gréasáin an tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe:

Bosca 3: *(le comhlánú ag an sínitheoir)*

1. Ainm an tsínitheora:
   Ainm*:………………………Sloinne*:

2. Seoladh:

   Sráid:
   Postchód: Cathair*:
   Tír*:

3. Seoladh ríomhphoist:

4. Dáta breithe agus áit bhreithe*:
   Dáta breithe: Áit agus tír:

5. Náisiúntacht*:

6. Uimhir aitheantais phearsanta*:
   Cineál uimhreach aitheantais/doiciméid chéannachta*:
   Cárta aitheantais náisiúnta: ☐ Pas: ☐ Slándáil shóisialta: ☐
   An Ballstát a d'eisigh an uimhir aitheantais nó an doiciméad céannachta*:

7. Deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis a thugtar san fhoirm seo cruinn agus nár léirigh mé tacaíocht ach uair amháin leis an tionscnamh seo ó na saoránaigh atá beartaithe*:
   Dáta agus síniú an tsínitheora*♦: ………..

***:** *réimsí éigeantacha*

♦*: níl gá le síniú má chuirtear an fhoirm isteach go leictreonach*

# IARSCRÍBHINN IV

## Deimhniú lena ndeimhnítear go gcomhlíonann córas bailiúcháin ar líne Rialachán xxxx/xxxx

Déanann [….] (ainm an údaráis inniúil) as [....] (ainm an Bhallstáit) a dheimhniú leis seo go gcomhlíonann an córas bailiúcháin ar líne [....] (suíomh gréasáin) a úsáidtear chun ráitis tacaíochta a bhailiú go leictreonach don tionscnamh ó na saoránaigh, uimhir chlárúcháin [....], forálacha ábhartha Rialachán xxxx/xxxx.

Dáta, síniú agus stampa oifigiúil an údaráis inniúil:

## IARSCRÍBHINN V

**Foirm chun cinneadh a iarraidh maidir le hinghlacthacht tionscnaimh ó na saoránaigh atá beartaithe**

1. Teideal an tionscnaimh ó na saoránaigh *:

2. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin*:

3. Dáta clárúcháin*:

4. Líon na ráiteas tacaíochta a fuarthas*:

5. Líon na sínitheoirí in aghaidh an Bhallstáit*:

| | BE | BG | CZ | DK | DE | EE | IE | EL | ES | FR | IT | CY | LV | LT | LU |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na sínitheoirí | | | | | | | | | | | | | | | |
| | **HU** | **MT** | **NL** | **AT** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **FI** | **SE** | **UK** | **IOMLÁN** | | |
| Líon na sínitheoirí | | | | | | | | | | | | | | | |

**6.** Deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis a thugtar san fhoirm seo cruinn.

Dáta agus síniú an eagraí*:

*: réimsí éigeantacha

## IARSCRÍBHINN VI

### Foirm chun ráitis tacaíochta a thíolacadh d'údaráis inniúla na mBallstát

1. Ainm iomlán, seoladh agus seoladh ríomhphoist an eagraí nó, i gcás entitis dhlíthiúil nó eagraíochta, ainm iomlán, seoladh agus seoladh ríomhphoist a ionadaí dhlíthiúil nó a hionadaí dhlíthiúil*:

2. Teideal an tionscnaimh ó na saoránaigh *:

3. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin*:

4. Dáta clárúcháin*:

5. An dáta ar iarradh cinneadh maidir le hinghlacthacht*:

6. Líon na sínitheoirí arb as [ainm an Bhallstáit] dóibh*:

7. Iarscríbhinní*:
   (Bíodh gach ráiteas tacaíochta ó shínitheoirí a shonraigh uimhir aitheantais phearsanta arna eisiúint ag an mBallstát céanna san áireamh. Más infheidhme, bíodh an deimhniú nó na deimhnithe ábhartha lena ndeimhnítear go gcomhlíonann an córas bailiúcháin ar líne Rialachán xxxx/xxxx san áireamh)

8. Dáta agus síniú an eagraí*:

*: réimsí éigeantacha

# IARSCRÍBHINN VII

## Deimhniú lena ndeimhnítear líon na ráiteas tacaíochta bailí arna mbailiú ag (an) [....] *(ainm an Bhallstáit)*

Tar éis dó nó di na fiorúcháin is gá a cheanglaítear le hAirteagal 8 de Rialachán xxxx/xxxx a dhéanamh, deimhníonn [….] (ainm an údaráis inniúil) as [....] (ainm an Bhallstáit) leis seo go bhfuil [....] ráiteas tacaíochta don tionscnamh ó na saoránaigh, uimhir chlárúcháin [....], bailí i gcomhréir le forálacha an Rialacháin sin, agus gur bailíodh iad laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear sa Rialachán sin.

Dáta, síniú agus stampa oifigiúil an údaráis inniúil:

## IARSCRÍBHINN VIII

### Foirm chun tionscnamh ó na saoránaigh a thíolacadh don Choimisiún

1. Teideal an tionscnaimh ó na saoránaigh *:

2. Uimhir chlárúcháin an Choimisiúin*:

3. Dáta clárúcháin*:

4. Líon na ráiteas tacaíochta bailí a fuarthas*: *(ní mór a bheith os cionn aon mhilliún)*

5. Líon na sínitheoirí ar thug Ballstáit deimhniú ina leith*:

| | **BE** | **BG** | **CZ** | **DK** | **DE** | **EE** | **IE** | **EL** | **ES** | **FR** | **IT** | **CY** | **LV** | **LT** | **LU** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na sínitheoirí | | | | | | | | | | | | | | | |
| | **HU** | **MT** | **NL** | **AT** | **PL** | **PT** | **RO** | **SI** | **SK** | **FI** | **SE** | **UK** | **IOMLÁN** | | |
| Líon na sínitheoirí | | | | | | | | | | | | | | | |

**6.** Ainm iomlán, seoladh agus seoladh ríomhphoist an eagraí nó, i gcás entitis dhlíthiúil nó eagraíochta, ainm iomlán, seoladh agus seoladh ríomhphoist a ionadaí dhlíthiúil nó a hionadaí dhlíthiúil:

7. Deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis a thugtar san fhoirm seo cruinn.

   Dáta agus síniú an eagraí*:

8. Iarscríbhinní*:
   Bíodh gach deimhniú san áireamh

*: réimsí éigeantacha

# RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

## 1. AINM AN TOGRA

Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na nósanna imeachta agus na coinníollacha is gá don tionscnamh ó na saoránaigh

## 2. CREAT "ABM/ABB" (BAINISTIÚ/BUNÚ AN BHUISÉID DE RÉIR GNÍOMHAÍOCHTAÍ)

Réimse/réimsí beartais lena mbaineann agus aon ghníomhaíocht ghaolmhar:

- Comhordú beartais agus comhairle dlí an Choimisiúin

- Caidreamh leis an tsochaí shibhialta, oscailteacht agus faisnéis

## 3. NA LÍNTE BUISÉID

### 3.1. Na línte buiséid (línte oibríochtúla agus línte a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin (na seanlínte B.A.) agus a gceannteidil san áireamh:

- 25.01.02.11.03: Cruinnithe (coiste)

- 25.01.02.11.05: Córais faisnéise

### 3.2. Fad thréimhse na gníomhaíochta agus an tionchair ar airgeadas:

Ó 2010 ar aghaidh. Gan teorainn

### 3.3. Tréithe buiséadacha: *n/a*

## 4. ACHOIMRE AR NA hACMHAINNÍ

### 4.1. Acmhainní Airgeadais

*4.1.1 Achoimre ar na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO) agus leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ)*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| **Saghas caiteachais** | Uimh. c oda | | Bliain 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 agus níos déanaí |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Caiteachas riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha[12]** | | | | | | | |
| Acmhainní daonna agus caiteachas gaolmhar (neamhdhifreáilte) | 8.2.5 | A | 0.244 | 0.244 | 0.244 | 0.244 | 0.244 |
| Speansais riaracháin amach ó acmhainní daonna agus costais ghaolmhara, nach n-áirítear sa mhéid tagartha (neamhdhifreáilte) | 8.2.6 | B | 0.540 | 0.150 | 0.110 | 0.110 | 0.110 |

**Costas iomlán táscach na hidirghabhála i dtéarmaí airgeadais**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **LO IOMLÁN agus costas na n-acmhainní daonna san áireamh** | | a+b | 0.784 | 0.394 | 0.354 | 0.354 | 0.354 |
| **LÍ IOMLÁN agus costas na n-acmhainní daonna san áireamh** | | a+b | 0.784 | 0.394 | 0.354 | 0.354 | 0.354 |

*4.1.2. Comhoiriúnacht leis an gClárú Airgeadais*

n/a

*4.1.3. Tionchar Airgeadais ar Ioncam*

n/a

### 4.2. Acmhainní Daonna (lánaimseartha)

n/a

[12] Caiteachas laistigh de Chaibidil xx 01, seachas Airteagail xx 01 04 agus xx 01 05.

## 5. SAINTRÉITHE AGUS CUSPÓIRÍ

### 5.1. An riachtanas is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

Forálacha Airteagal 24 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, forálacha a bhaineann leis an tionscnamh ó na saoránaigh, a chur chun feidhme.

Sa chéad bhliain, bunófar suíomh gréasáin, lena n-áirítear clár, chun Airteagal 4 ar chlárú na dtionscnamh ó na saoránaigh atá beartaithe a chur chun feidhme. Caithfear an clár sin a chothabháil ansin.

Le linn na chéad dhá bhliain, tiocfaidh coiste ar a bhfuil ionadaithe ó na Ballstáit ar fad le chéile ceithre huaire as a chéile d'fhonn cuidiú leis an gCoimisiún sonraíochtaí teicniúla a ghlacadh chun Airteagal 6(4) ar chórais bhailiúcháin ar líne a chur chun feidhme.

### 5.2 An breisluach toisc an Comhphobal a bheith páirteach ann, comhchuibheas an togra le hionstraimí airgeadais eile agus le sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

n/a

### 5.3 Cuspóirí, torthaí a bhfuiltear ag súil leo agus táscairí gaolmhara an togra i gcomhthéacs an chreata le haghaidh bhainistiú na ngníomhaíochtaí (ABM)

n/a

### 5.4. Modh don Chur Chun Feidhme (táscach)

Bainistiú láraithe á dhéanamh díreach ag an gCoimisiún

## 6. MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT

### 6.1. Córas Monatóireachta

Beidh ar fhoireann an Choimisiúin monatóireacht leanúnach a dhéanamh chun an clár a bhainistiú ó lá go lá. Is dócha go mbeidh líon mór iarratas ar thionscnaimh ó na saoránaigh a chlárú. Beidh ar fhoireann an Choimisiúin na tionscnaimh sin ar féidir glacadh leis a bheag nó a mhór nach tionscnaimh chearta iad a chur as an áireamh.

### 6.2. Meastóireacht

Rinneadh comhairliúchán poiblí i bhfoirm Páipéir Uaine. Cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo.

## 7. BEARTA FRITH-CHALAOISE

n/a

## 8. SONRAÍ NA nACMHAINNÍ

### 8.1. Cuspóirí an togra i dtéarmaí a gcostais airgeadais

n/a

### 8.2. Caiteachas Riaracháin

*8.2.1. Líon agus saghas acmhainní daonna*

| Saghsanna post | | Na baill foirne a mbeidh sé de chúram orthu an ghníomhaíocht a bhainistiú ag baint úsáide as acmhainní atá ann cheana agus/nó acmhainní breise (**an líon post/FTE**) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain 2010 | Bliain 2011 | Bliain 2012 | Bliain 2013 | Bliain 2014 | Bliain 2015 agus níos déanaí |
| Oifigigh nó foireann shealadach[13] (XX 01 01) | AD | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| | AST | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| **IOMLÁN** | | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 |

*8.2.2. Cur síos ar na cúraimí a thagann as an ngníomhaíocht*

1 AD: i bhfeighil chomhordú gníomhaíochtaí a bhaineann le tionscnaimh ó na saoránaigh, monatóireacht ar an gclár, ag déileáil le ceisteanna ábhartha ó na seirbhísí agus na saoránaigh agus obair leantach agus monatóireacht ar chur chun feidhme an Rialacháin.

1 AST: Bainistiú an chláir – seirbhís chabhrach

*8.2.3. Foinsí na n-acmhainní daonna (reachtúla)*

Poist a ath-imlonnófar ag baint úsáide as na hacmhainní atá ann cheana laistigh den tseirbhís (**ath-imlonnú inmheánach**)

*8.2.4. Caiteachas riaracháin eile nach n-áirítear sa mhéid tagartha*

n/a

---

13 Costas NACH bhfuil clúdaithe sa mhéid tagartha.

*8.2.5. Costas airgeadais na n-acmhainní daonna agus costais ghaolmhara nach n-áirítear sa mhéid tagartha*

*EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| Saghas acmhainní daonna | 2010 | 2011 | 2012 | Bliain 2013 | Bliain 2014 | Bliain 2015 agus níos déanaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach (XX 01 01) | 0.244 | 0.244 | 0.244 | 0.244 | 0.244 | 0.244 |
| Foireann arna maoiniú le hAirteagal XX 01 02 (foireann chúnta, END, foireann ar conradh, etc.) (sonraigh an líne buiséid) | | | | | | |
| **Costas iomlán na nAcmhainní Daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)** | **0.244** | **0.244** | **0.244** | **0.244** | **0.244** | **0.244** |

Ríomh – ***Oifigigh agus Gníomhairí sealadacha***

*Beirt bhall foirne ar chostas € 122 000 an duine in aghaidh na bliana*

Ríomh – ***Foireann arna maoiniú faoi Airteagal XX 01 02***

*NA*

*8.2.6 Caiteachas eile riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha*

*EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)*

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 agus níos déanaí | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| XX 01 02 11 01 – Misin | | | | | | | |
| XX 01 02 11 02 – Cruinnithe agus comhdhálacha | | | | | | | |
| XX 01 02 11 03 - Coistí | 0.040 | 0.040 | | | | | 0.080 |
| XX 01 02 11 04 – Staidéir agus Comhairliúcháin | | | | | | | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| XX 01 02 11 05 – Córais Faisnéise | 0.500 | 0.110 | 0.110 | 0.110 | 0.110 | 0.110 | 1.050 |
| **2. Caiteachas iomlán eile bainistíochta (XX 01 02 11)** | | | | | | | |
| **Iomlán an chaiteachais riaracháin cé is moite d'acmhainní daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)** | 0.540 | 0.150 | 0.110 | 0.110 | 0.110 | 0.110 | 1.130 |

Ríomh – ***Caiteachas eile riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha***

Dhá chruinniú in aghaidh na bliana ina mbeidh 27 duine rannpháirteach agus meánchostas € 740 in aghaidh an duine agus an chruinnithe.

Forbairt córais faisnéise: in 2010: € 500 000 ag teastáil chun an córas a fhorbairt agus a shuiteáil, 2011 agus na blianta ina diaidh: gá an córas a chothabháil agus athruithe riachtanacha a dhéanamh air.

Beidh na riachtanais acmhainní daonna agus acmhainní riaracháin cuimsithe sa leithdháileadh a deonaíodh cheana chun an ghníomhaíocht seo a bhainistiú agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den DG, agus comhlánófar é, de réir mar is gá, le leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a dheonú ar an DG atá freagrach as an mbainistíocht faoi chuimsiú an nós imeachta leithdháilte bhliantúil de réir na srianta buiséadacha atá ann.